



2026/475

4.3.2026

CINNEADH (AE) 2026/475 ÓN gCOIMISIÚN

an 3 Márta 2026

**lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú Airgeadaíochta idir an tAontas
Eorpach agus Prionsacht Andóra**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chomhaontú Airgeadaíochta an 30 Meitheamh 2011 idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Andóra ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 8(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tháinig an Comhaontú Airgeadaíochta idir an tAontas agus Andóra ('an Comhaontú') i bhfeidhm an 1 Aibreán 2012.
- (2) Ceanglaítear le hAirteagal 8(1) den Chomhaontú ar Andóra gníomhartha an Aontais a bhaineann leis na rialacha maidir le nótaí bairc agus monaí euro, dlí baincéireachta agus airgeadais, cosc ar sciúradh airgid, cosc ar chalaíoch agus ar ghóchumadh modhanna íocaíochta airgid agus neamhairgid, monaí agus comharthaí agus ceanglais tuairiscithe staidrimh a chur chun feidhme. Liostaítear na gníomhartha sin san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú Airgeadaíochta.
- (3) Ba cheart don Choimisiún an Iarscríbhinn a leasú gach bliain chun gníomhartha agus rialacha dlí ábhartha nua an Aontais agus na leasuithe ar na gníomhartha agus ar na rialacha atá ann cheana a chur san áireamh.
- (4) Tá roinnt gníomhartha dlí agus rialacha de chuid an Aontais ann nach bhfuil ábhartha a thuilleadh agus, dá bhrí sin, ba cheart iad a scriosadh den Iarscríbhinn, agus san am céanna glacadh nó leasaíodh gníomhartha agus rialacha dlí ábhartha eile an Aontais agus ba cheart iad a chur leis an Iarscríbhinn.
- (5) Ba cheart, dá bhrí sin, an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú Airgeadaíochta a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhíne a ghabhann leis an gComhaontú Airgeadaíochta idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Andóra.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 3 Márta 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

⁽¹⁾ IO C 369, 17.12.2011, lch. 1.

IARSCRÍBHINN

‘IARSCRÍBHINN

	Forálacha Dlí atá le cur chun feidhme	An sprioc-am le haghaidh cur chun feidhme
	Sciúradh airgid a chosc	
1	Cinneadh 2000/642/CGB ón gComhairle an 17 Deireadh Fómhair 2000 maidir le socruithe le haghaidh comhar idir aonaid um fhaisnéis airgeadais na mBallstát i dtaca le faisnéis a mhalartú (IO L 271, 24.10.2000, lch. 4)	
2	Cinneadh Réime 2001/500/CGB ón gComhairle an 26 Meitheamh 2001 maidir le sciúradh airgid agus le hionstraimíocht agus fáltais ó choireanna a shainaithint, a rianú, a reo, a urghabháil agus a choigistiú (IO L 182, 5.7.2001, lch. 1)	
3	Cinneadh Réime 2005/212/CGB ón gComhairle an 24 Feabhra 2005 maidir le Fáltais, Ionstraimíocht agus Maoin a bhaineann le Coireacht a Choigistiú (IO L 68, 15.3.2005, lch. 49)	an 31 Márta 2015 ⁽¹⁾
4	Cinneadh Réime 2007/845/CGB ón gComhairle an 6 Nollaig 2007 maidir le comhar idir Oifigí Gnóthaithe Sócmhainní na mBallstát i dtaca le fáltais nó maoin eile a bhaineann le coireacht a rianú agus a shainaithint (IO L 332, 18.12.2007, lch. 103)	
5	Treoir 2014/42/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le hionstraimíocht agus fáltais ó choireanna a reo agus a choigistiú san Aontas Eorpach (IO L 127, 29.4.2014, lch. 39)	an 1 Samhain 2016 ⁽²⁾
6	Treoir (AE) 2024/1260 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le haisghabháil agus coigistiú sócmhainní (IO L 2024/1260, 2.5.2024)	an 31 Nollaig 2028 ⁽¹³⁾
7	Rialachán (AE) 2015/847 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le faisnéis a ghabhann le haistrithe cistí agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1781/2006 (IO L 141, 5.6.2015, lch. 1)	an 1 Deireadh Fómhair 2017 ⁽³⁾
8	Rialachán (AE) 2023/1113 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le faisnéis a ghabhann le haistrithe cistí agus le cripteashócmhainní áirithe agus lena leasaítear Treoir (AE) 2015/849 (IO L 150, 9.6.2023, lgh. 1–39)	an 31 Nollaig 2026 ⁽¹²⁾
9	Treoir 2015/849/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le húsáid an chórais airgeadais chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoirí a chosc, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (IO L 141, 5.6.2015, lch. 73) Arna leasú le:	an 1 Deireadh Fómhair 2017 ⁽³⁾
9-1	Treoir (AE) 2018/843 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 lena leasaítear Treoir (AE) 2015/849 maidir le húsáid an chórais airgeadais chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoirí a chosc, agus lena leasaítear Treoir 2009/138/CE agus Treoir 2013/36/AE (IO L 156, 19.6.2018, lch. 43)	an 31 Nollaig 2020 ⁽⁶⁾

	Forálacha Dlí atá le cur chun feidhme	An sprioc-am le haghaidh cur chun feidhme
	Arna fhorlónadh le:	
9-2	Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2016 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí thríú tíortha ardriosca ag a bhfuil easnaimh straitéiseacha a shainaithint (IO L 254, 20.9.2016, lch. 1)	an 1 Nollaig 2017 ⁽⁵⁾
	Arna leasú le:	
9-2-1	Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/105 ón gCoimisiún an 27 Deireadh Fómhair 2017 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675, a mhéid a bhaineann leis an Aetóip a chur leis an liosta de thríú tíortha ardriosca sa tábla i bpointe I den Iarscríbhinn (IO L 19, 24.1.2018, lch. 1)	an 31 Márta 2019 ⁽⁶⁾
9-2-2	Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/212 ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2017 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le Srí Lanca, Oileán na Tríonóide agus Tobága, agus an Túinéis a chur leis an tábla i bpointe I den Iarscríbhinn (IO L 41, 14.2.2018, lch. 4)	an 31 Márta 2019 ⁽⁶⁾
9-2-3	Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1467 ón gCoimisiún an 27 Iúil 2018 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann leis an bPacastáin a chur leis an tábla i bpointe I den Iarscríbhinn (IO L 246, 2.10.2018, lch. 1)	an 31 Nollaig 2020 ⁽⁷⁾
9-2-4	Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/855 ón gCoimisiún an 7 Bealtaine 2020 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675 lena gcomhlánaítear Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann leis na Bahámaí, Barbadós, an Bhotsuáin, an Chambóid, Gána, Iamáice, Oileán Mhuirís, an Mhongóil, Maenmar/Burma, Nicearagua, Panama agus an tSiombáib a chur leis an tábla i bpointe I den Iarscríbhinn agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Aetóip, an Ghuáin, Daon-Phoblacht Dhaonlathach Laos, Srí Lanca agus an Túinéis a scriosadh ón tábla sin (IO L 195, 19.6.2020, lch. 1)	AN 31 NOLLAIG 2022 ⁽⁸⁾
9-2-5	Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/37 ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2020 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann leis an Mongóil a scriosadh ón tábla i bpointe I den Iarscríbhinn (IO L 14, 18.1.2021, lch. 1)	an 31 Nollaig 2023 ⁽⁹⁾
9-2-6	Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/229 ón gCoimisiún an 7 Eanáir 2022 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le Buircíne Fasó, Oileáin Cayman, Háití, an Iordáin, Mailí, Maracó, na hOileáin Philipíneacha, an tSeineagáil agus an tSúdáin Theas a chur leis an tábla i bpointe I den Iarscríbhinn agus a mhéid a bhaineann leis na Bahámaí, an Bhotsuáin, Gána, an Iaráic agus Oileán Mhuirís a bhaint den tábla sin (IO L 39, 21.2.2022, lch. 4))	an 31 Nollaig 2024 ⁽¹⁰⁾
9-2-7	Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/410 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2022 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675 a mhéid a bhaineann le Poblacht Dhaonlathach an Chongó, Giobráltar, Mósaimbíc, an Tansáin agus Aontas na nÉimíriochtaí Arabacha a chur le tábla I den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675 agus Nicearagua, an Phacastáin agus an tSiombáib a bhaint den tábla sin (IO L 59, 24.2.2023, lch. 3)	an 31 Nollaig 2025 ⁽¹¹⁾
9-2-8	Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1219 ón gCoimisiún an 17 Bealtaine 2023 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675 a mhéid a bhaineann leis an Nigéir agus an Afraic Theas a chur leis an liosta sa tábla i bpointe I den Iarscríbhinn agus a mhéid a bhaineann leis an gCambóid agus Maracó a bhaint den tábla sin (IO L 160, 26.6.2023, lgh. 1–4)	an 31 Nollaig 2025 ⁽¹²⁾

	Forálacha Dlí atá le cur chun feidhme	An sprioc-am le haghaidh cur chun feidhme
9-2-9	Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2070 ón gCoimisiún an 18 Lúnasa 2023 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675 chun Camarún agus Vítneam a chur le liosta na dtríú tíortha ardriosca (IO L 239, 28.9.2023, lgh. 1–4)	an 31 Nollaig 2025 ⁽¹²⁾
9-2-10	Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/163 ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2023 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675 a mhéid a bhaineann le hOileáin Cayman agus an Iordáin a scriosadh ón tábla i bpointe I den Iarscríbhinn (IO L, 2024/163, 18.1.2024,)	an 31 Nollaig 2025 ⁽¹²⁾
9-2-11	Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1184 ón gCoimisiún an 10 Meitheamh 2025 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675 chun an Ailgéir, Angóla, an Chéinia, an Cósta Eabhair, Laos, an Liobáin, Monacó, an Namaib, Neipeal agus Veiniséala a chur le liosta na dtríú tíortha ardriosca a thug gealltanais polaitiúil ardleibhéil i scríbhinn chun aghaidh a thabhairt ar na heasnamh a sainaithníodh agus a bhfuil plean gníomhaíochta forbartha acu le TFGA, agus chun Aontas na nÉimíróchtaí Arabacha, Barbadós, Giobráltar, Iamáice, na hOileáin Philipíneacha, Panama, an tSeineagáil agus Uganda a bhaint den liosta sin (IO L, 2025/1184, 16.7.2025)	an 31 Nollaig 2027 ⁽¹³⁾
9-3	Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/758 ón gCoimisiún an 31 Eanáir 2019 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála le haghaidh na híosghníomhaíochta agus leis an gceán beart breise nach mór d'institiúidí creidmheasa agus airgeadais a dhéanamh chun an riosca sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta i dtríú tíortha áirithe a mhaolú (IO L 125, 14.5.2019, lch. 4)	an 31 Nollaig 2020 ⁽⁷⁾
9-4	Rialachán (AE) 2023/1113 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le faisnéis a ghabhann le haistriú cistí agus le cripteashócmhainní áirithe agus lena leasaítear Treoir (AE) 2015/849 (IO L 150, 9.6.2023, lgh. 1–39)	an 31 Nollaig 2026 ⁽¹²⁾
10	Rialachán (AE) 2018/1672 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le rialuithe ar airgead tirim atá ag teacht isteach san Aontas nó ag dul amach as agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1889/2005 (IO L 284, 12.11.2018, lch. 6)	an 31 Nollaig 2021 ⁽⁷⁾
11	Treoir (AE) 2018/1673 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le sciúradh airgid a chomhrac tríd an dlí coiriúil (IO L 284, 12.11.2018, lch. 22)	an 31 Nollaig 2021 ⁽⁷⁾
12	Rialachán (AE) 2024/1624 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2024 maidir le cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críocha an sciúrtha airgid nó mhaoiniú na sceimhlitheoireachta (IO L, 2024/1624, 19.6.2024)	an 31 Nollaig 2028 ⁽¹²⁾
13	Treoir (AE) 2024/1640 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2024 maidir leis na sásraí atá le cur i bhfeidhm ag Ballstáit chun cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críocha an sciúrtha airgid nó mhaoiniú na sceimhlitheoireachta, lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/849 (IO L, 2024/1640, 19.6.2024)	an 31 Nollaig 2028 ⁽¹²⁾
14	Rialachán (AE) 2024/1620 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2024 lena mbunaítear an tÚdarás um Fhrithsciúradh Airgid agus um Chomhrac Mhaoiniú na Sceimhlitheoireachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 1094/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 (IO L, 2024/1620, 19.6.2024)	an 31 Nollaig 2028 ⁽¹²⁾

	Forálacha Dlí atá le cur chun feidhme	An sprioc-am le haghaidh cur chun feidhme
	<i>Calaois agus góchumadh a chosc</i>	
15	Rialachán (CE) Uimh. 1338/2001 ón gComhairle an 28 Meitheamh 2001 lena leagtar síos na bearta is gá chun an euro a chosaint ar ghóchumadh (IO L 181, 4.7.2001, lch. 6) Arna leasú le:	An 30 Meán Fómhair 2013
15-1	Rialachán ón gComhairle (CE) Uimh. 44/2009 an 18 Nollaig 2008 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1338/2001 lena leagtar síos na bearta is gá chun an euro a chosaint ar ghóchumadh (IO L 17, 22.1.2009, lch. 1)	
16	Cinneadh 2001/887/CGB ón gComhairle an 6 Nollaig 2001 maidir leis an euro a chosaint ar ghóchumadh (IO L 329, 14.12.2001, lch. 1)	An 30 Meán Fómhair 2013
17	Cinneadh 2003/861/CE ón gComhairle an 8 Nollaig 2003 maidir le hanailísiú agus comhar i ndáil le monaí euro góchumtha (IO L 325, 12.12.2003, lch. 44)	An 30 Meán Fómhair 2013
18	Rialachán (CE) Uimh. 2182/2004 ón gComhairle an 6 Nollaig 2004 maidir le monaí agus comharthaí atá cosúil le monaí euro (IO L 373, 21.12.2004, lch. 1) Arna leasú le:	An 30 Meán Fómhair 2013
18-1	Rialachán (CE) Uimh. 46/2009 ón gComhairle an 18 Nollaig 2008 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2182/2004 maidir le monaí agus comharthaí atá cosúil le monaí euro (IO L 17, 22.1.2009, lch. 5)	
19	Treoir 2014/62/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le cosaint an euro agus airgeadraí eile ar ghóchumadh leis an dlí coiriúil, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2000/383/CGB ón gComhairle (IO L 151, 21.5.2014, lch. 1)	an 30 Meitheamh 2016 ^(?)
20	Treoir (AE) 2019/713 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le calaois agus góchumadh modhanna íocaíochta neamhairgid a chomhrac agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2001/413/CGB ón gComhairle (IO L 123, 10.5.2019, lch. 18)	an 31 Nollaig 2021 ^(?)
	<i>Rialacha maidir le nótaí bainc agus boinn euro</i>	
21	Cé is moite d'Airteagal 1a, míreanna 2 agus 3, agus Airteagail 4a, 4b agus 4c: Rialachán (CE) Uimh. 2532/98 ón gComhairle an 23 Samhain 1998 maidir leis na cumhachtaí atá ag an mBanc Ceannais Eorpach smachtbhannaí a fhorchur (IO L 318, 27.11.1998, lch. 4) Arna leasú le:	an 30 Meán Fómhair 2014 ^(?)
21-1	Rialachán (AE) 2015/159 ón gComhairle an 27 Eanáir 2015 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2532/98 maidir leis na cumhachtaí atá ag an mBanc Ceannais Eorpach smachtbhannaí a fhorchur (IO L 27, 3.2.2015, lch. 1)	an 31 Nollaig 2020 ^(*)
22	Conclúidí ón gComhairle an 10 Bealtaine 1999 maidir leis an gcóras bainistithe cáilíochta le haghaidh monaí euro	An 31 Márta 2013
23	Teachtaireacht ón gCoimisiún 2001/C 318/03 an 22 Deireadh Fómhair 2001 maidir le cosaint cóipchirt ar dhearadh coiteann aghaidh na monaí euro (C(2001) 600 final) (IO C 318, 13.11.2001, lch. 3)	An 31 Márta 2013

	Forálacha Dlí atá le cur chun feidhme	An sprioc-am le haghaidh cur chun feidhme
24	Treoirlíne BCE/2003/5 ón mBanc Ceannais Eorpach an 20 Márta 2003 maidir le bearta a fhorfheidhmiú chun cur in aghaidh macasamhla neamhchomhlíontacha nótaí bainc euro agus maidir le nótaí bainc euro a mhalartú agus a tharraingt siar (IO L 78, 25.3.2003, lch. 20) Arna leasú le:	An 31 Márta 2013
24-1	Treoirlíne BCE/2013/11 ón mBanc Ceannais Eorpach an 19 Aibreán 2013 lena leasaítear Treoirlíne BCE/2003/5 maidir le bearta a fhorfheidhmiú chun macasamhla neamhchomhlíontacha nótaí bainc euro a chomhrac agus maidir le nótaí bainc euro a mhalartú agus a tharraingt siar (IO L 118, 30.4.2013, lch. 43)	an 30 Meán Fómhair 2014 ⁽¹⁾
24-2	Treoirlíne (AE) 2020/2091 ón mBanc Ceannais Eorpach an 4 Nollaig 2020 lena leasaítear Treoirlíne BCE/2003/5 maidir le bearta a fhorfheidhmiú chun cur in aghaidh macasamhla neamhchomhlíontacha nótaí bainc euro agus maidir le nótaí bainc euro a mhalartú agus a tharraingt siar (BCE/2020/61) (IO L 423, 15.12.2020, lch. 65)	AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2022 ⁽²⁾
25	Cinneadh BCE/2010/14 ón mBanc Ceannais Eorpach an 16 Meán Fómhair 2010 maidir le barántúlacht agus oiriúnacht nótaí bainc euro a sheiceáil agus iad a chur ar ais i gcúrsaíocht (IO L 267, 9.10.2010, lch. 1) Arna leasú le:	An 30 Meán Fómhair 2013
25-1	Cinneadh ón mBanc Ceannais Eorpach/2012/19 an 7 Meán Fómhair 2012 lena leasaítear Cinneadh BCE/2010/14 maidir le barántúlacht agus oiriúnacht nótaí bainc euro a sheiceáil agus iad a chur ar ais i gcúrsaíocht (IO L 253, 20.9.2012, lch. 19)	an 30 Meán Fómhair 2014 ⁽¹⁾
25-2	Cinneadh (AE) 2019/2195 ón mBanc Ceannais Eorpach an 5 Nollaig 2019 lena leasaítear Cinneadh BCE/2010/14 maidir le barántúlacht agus oiriúnacht nótaí bainc euro a sheiceáil agus a chur ar ais i gcúrsaíocht (BCE/2019/39) (IO L 330, 20.12.2019, lch. 91)	an 31 Nollaig 2021 ⁽²⁾
26	Rialachán (AE) Uimh. 1210/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2010 maidir le monaí euro a fhíordheimhniú agus le monaí euro atá mí-oiriúnach le haghaidh cúrsaíochta a láimhseáil (IO L 339, 22.12.2010, lch. 1)	An 31 Márta 2013
27	Rialachán (AE) Uimh. 1214/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le hiompar trasteorann gairmiúil airgid thirim in euro de bhóthar idir Ballstáit sa limistéar euro (IO L 316, 29.11.2011, lch. 1)	an 31 Márta 2015 ⁽¹⁾
28	Rialachán (AE) Uimh. 651/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le monaí euro a eisiúint (IO L 201, 27.7.2012, lch. 135)	an 30 Meán Fómhair 2014 ⁽¹⁾
29	Cinneadh BCE/2013/10 ón mBanc Ceannais Eorpach an 19 Aibreán 2013 maidir le hainmníochtaí, sonraíochtaí, macasamhlú, malartú agus tarraingt siar nótaí bainc euro (IO L 118, 30.4.2013, lch. 37) Arna leasú le:	an 30 Meán Fómhair 2014 ⁽¹⁾
29-1	Cinneadh (AE) 2019/669 ón mBanc Ceannais Eorpach an 4 Aibreán 2019 lena leasaítear Cinneadh BCE/2013/10 maidir le hainmníochtaí, sonraíochtaí, macasamhlú, malartú agus tarraingt siar nótaí bainc euro (IO L 113, 29.4.2019, lch. 6)	an 31 Nollaig 2020 ⁽²⁾
29-2	Cinneadh (AE) 2020/2090 ón mBanc Ceannais Eorpach an 4 Nollaig 2020 lena leasaítear Cinneadh BCE/2013/10 maidir le hainmníochtaí, sonraíochtaí, macasamhlú, malartú agus tarraingt siar nótaí bainc euro (BCE/2020/60) (IO L 423, 15.12.2020, lch. 62)	AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2022 ⁽²⁾

	Forálacha Dlí atá le cur chun feidhme	An sprioc-am le haghaidh cur chun feidhme
30	Rialachán (AE) Uimh. 729/2014 ón gComhairle an 24 Meitheamh 2014 maidir le hainmníochtaí agus sonraíochtaí teicniúla monaí euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht (Athmhúnlú) (IO L 194, 2.7.2014, lch. 1)	an 30 Meán Fómhair 2014 (?)
	Reachtaíocht Baincéireachta agus Airgeadais	
31	Treoir 86/635/CEE ón gComhairle an 8 Nollaig 1986 maidir le cuntais bhliantúla agus cuntais chomhdhlúite banc agus institiúidí airgeadais eile (IO L 372, 31.12.1986, lch. 1) Arna leasú le:	an 31 Márta 2016
31-1	Treoir 2001/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meán Fómhair 2001 lena leasaítear Treoir 78/660/CEE, Treoir 83/349/CEE agus Treoir 86/635/CEE a mhéid a bhaineann leis na rialacha luachála le haghaidh cuntais bhliantúla agus chomhdhlúite cineálacha áirithe cuideachtaí agus banc agus institiúidí airgeadais eile (IO L 283, 27.10.2001, lch. 28)	
31-2	Treoir 2003/51/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2003 lena leasaítear Treoracha 78/660/CEE, 83/349/CEE, 86/635/CEE agus 91/674/CEE maidir le cuntais bhliantúla agus chomhdhlúite cineálacha áirithe cuideachtaí, banc agus institiúidí airgeadais eile agus gnóthas árachais (IO L 178, 17.7.2003, lch. 16)	
31-3	Treoir 2006/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2006 lena leasaítear Treoir 78/660/CEE ón gComhairle maidir le cuntais bhliantúla cineálacha áirithe cuideachtaí, 83/349/CEE maidir le cuntais chomhdhlúite, 86/635/CEE maidir le cuntais bhliantúla agus cuntais chomhdhlúite banc agus institiúidí airgeadais eile agus 91/674/CEE maidir le cuntais bhliantúla agus cuntais chomhdhlúite gnóthas árachais (IO L 224, 16.8.2006, lch. 1)	
32	Treoir 89/117/CEE ón gComhairle an 13 Feabhra 1989 maidir leis na hoibleagáidí atá ar bhraintí institiúidí creidmheasa agus institiúidí airgeadais i dtaca le doiciméid chuntasaíochta a fhoilsiú go bliantúil, ar brainsí iad a bunaíodh i mBallstát a bhfuil a gceannoifigí lasmuigh den Bhallstát sin (IO L 44, 16.2.1989, lch. 40)	an 31 Márta 2018
33	Treoir 97/9/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Márta 1997 maidir le scéimeanna cúitimh d'infheistíochtaí (IO L 84, 26.3.1997, lch. 22)	an 31 Márta 2018
34	Treoir 98/26/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 1998 maidir le críochnaitheacht socraíochta i gcórais íocaíochta agus socraíochta urrús (IO L 166, 11.6.1998, lch. 45) Arna leasú le:	an 31 Márta 2018
34-1	Treoir 2009/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 lena leasaítear Treoir 98/26/CE maidir le críochnaitheacht socraíochta i gcórais íocaíochta agus socraíochta urrús agus Treoir 2002/47/CE maidir le socruithe comhthabhairt airgeadais a mhéid a bhaineann le córais nasctha agus éilimh chreidmheasa (IO L 146, 10.6.2009, lch. 37)	
34-2	Treoir 2010/78/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena leasaítear Treoracha 98/26/CE, 2002/87/CE, 2003/6/CE, 2003/41/CE, 2003/71/CE, 2004/39/CE, 2004/109/CE, 2005/60/CE, 2006/48/CE, 2006/49/CE agus 2009/65/CE i ndáil leis na cumhachtaí atá ag an Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Baincéireachta Eorpach), ag an Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Ghairme) agus ag an Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí) (IO L 331, 15.12.2010, lch. 120)	

	Forálacha Dlí atá le cur chun feidhme	An sprioc-am le haghaidh cur chun feidhme
34-3	Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála (IO L 201, 27.7.2012, lch. 1)	an 30 Meán Fómhair 2019
34-4	Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le socraíocht urrús san Aontas Eorpach a fheabhsú agus maidir le taisclanna lárnacha urrús agus lena leasaítear Treoir 98/26/CE agus Treoir 2014/65/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 236/2012 (IO L 257, 28.8.2014, lch. 1)	31 Márta 2018 ach amháin Airteagal 3(1): an 1 Feabhra 2023 agus ón 1 Feabhra 2025 ar aghaidh ^(?)
34-5	Treoir (AE) 2019/879 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leasaítear Treoir 2014/59/AE maidir le hacmhainneacht ionsúcháin cailleanais agus acmhainneacht athchaipitliúcháin institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus Treoir 98/26/CE (IO L 150, 7.6.2019, lch. 296)	AN 31 NOLLAIG 2022 ⁽⁸⁾
34-6	Rialachán (AE) 2024/886 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2024 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 260/2012 agus (AE) 2021/1230 agus Treoracha 98/26/CE agus (AE) 2015/2366 a mhéid a bhaineann le haistrithe creidmheasa meandracha in euro (IO L, 2024/886, 19.3.2024)	an 31 Nollaig 2026 ⁽¹²⁾
35	Treoir 2001/24/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Aibreán 2001 maidir le hinstitiúidí creidmheasa a atheagrú agus a fhoirceannadh (IO L 125, 5.5.2001, lch. 15) Arna leasú le:	an 31 Márta 2018
35-1	Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat um théarnamh agus réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 173, 12.6.2014, lch. 190)	
36	Treoir 2002/47/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Meitheamh 2002 maidir le socruithe comhthaobhachta airgeadais (IO L 168, 27.6.2002, lch. 43) Arna leasú le:	an 31 Márta 2018
36-1	Treoir 2009/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 lena leasaítear Treoir 98/26/CE maidir le críochnaitheacht socraíochta i gcórais íocaíochta agus socraíochta urrús agus Treoir 2002/47/CE maidir le socruithe comhthaobhachta airgeadais a mhéid a bhaineann le córais nasctha agus éilimh chreidmheasa (IO L 146, 10.6.2009, lch. 37)	
36-2	Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat um théarnamh agus réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 173, 12.6.2014, lch. 190)	an 31 Márta 2018 ^(?)

	Forálacha Dlí atá le cur chun feidhme	An sprioc-am le haghaidh cur chun feidhme
36-3	Rialachán (AE) 2021/23 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le creat le haghaidh téarnamh agus réiteach contrapháirtithe lárnacha agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 600/2014, (AE) Uimh. 806/2014 agus (AE) 2015/2365 agus Treoracha 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2007/36/CE, 2014/59/AE agus (AE) 2017/1132 (IO L 22, 22.1.2021, lch. 1)	31 Nollaig 2024 (cé is moite de: Airteagal 95 - an 31 Nollaig 2022, Airteagal 87(2) - an 31 Nollaig 2023, Airteagail 9(1), 9(2), 9(3), 9(4), 9(6), 9(7), 9(9), 9(10), 9(12), 9(13), 9(16), 9(17), 9(18), 9(19), 10(1), 10(2), 10(3), 10(8), 10(9), 10(10), 10(11), 10(12) agus 11 - an 31 Nollaig 2024, Airteagail 9(14) agus 20 - an 31 Nollaig 2025) ⁽⁹⁾
37	Treoir 2002/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le maoirseacht fhorlíontach ar institiúidí creidmheasa, ar ghnóthais árachais agus ar ghnólachtaí infheistíochta in ilchuideachta airgeadais agus lena leasaítear Treoracha 73/239/CEE, 79/267/CEE, 92/49/CEE, 92/96/CEE, 93/6/CEE agus 93/22/CEE ón gComhairle, agus Treoracha 98/78/CE agus 2000/12/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 35, 11.2.2003, lch. 1), agus na bearta gaolmhara ar leibhéal 2 de réir mar is iomchuí Arna leasú le:	an 31 Márta 2018
37-1	Treoir 2005/1/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2005 lena leasaítear Treoracha 73/239/CEE, 85/611/CEE, 91/675/CEE, 92/49/CEE agus 93/6/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/19/CE, 98/78/CE, 2000/12/CE, 2001/34/CE, 2002/83/CE agus 2002/87/CE chun struchtúr nua eagrúcháin a bhunú le haghaidh coistí seirbhísí airgeadais (IO L 79, 24.3.2005, lch. 9)	
37-2	Treoir 2008/25/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2008 lena leasaítear Treoir 2002/87/CE maidir le maoirseacht fhorlíontach ar institiúidí creidmheasa, ar ghnóthais árachais agus ar ghnólachtaí infheistíochta in ilchuideachta airgeadais, a mhéid a bhaineann leis na cumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún (IO L 81, 20.3.2008, lch. 40)	
37-3	Treoir 2010/78/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena leasaítear Treoracha 98/26/CE, 2002/87/CE, 2003/6/CE, 2003/41/CE, 2003/71/CE, 2004/39/CE, 2004/109/CE, 2005/60/CE, 2006/48/CE, 2006/49/CE agus 2009/65/CE i ndáil leis na cumhachtaí atá ag an Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Baincéireachta Eorpach), ag an Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Ghairme) agus ag an Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí) (IO L 331, 15.12.2010, lch. 120)	
37-4	Treoir 2011/89/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 lena leasaítear Treoracha 98/78/CE, 2002/87/CE, 2006/48/CE agus 2009/138/CE maidir le maoirseacht fhorlíontach ar eintitis airgeadais in ilchuideachta airgeadais (IO L 326, 8.12. 2011, lch. 113)	

	Forálacha Dlí atá le cur chun feidhme	An sprioc-am le haghaidh cur chun feidhme
37-5	Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoracha 2006/48/CE agus 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338)	
37-6	Treoir (AE) 2019/2034 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le maoirseacht stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoracha 2002/87/CE, 2009/65/CE, 2011/61/AE, 2013/36/AE, 2014/59/AE agus 2014/65/AE (IO L 314, 5.12.2019, lch. 64)	an 31 Nollaig 2023 ⁽⁸⁾
38	Rialachán (CE) Uimh. 924/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le híocaíochtaí trasteorann sa Chomhphobal agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2560/2001 (IO L 266, 9.10.2009, lch. 11) Arna leasú le:	an 31 Márta 2018
38-1	Rialachán (AE) Uimh. 260/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2012 lena mbunaítear ceanglais theicniúla agus gnó le haghaidh aistrithe creidmheasa agus dochair dhíreacha in euro agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 924/2009 (IO L 94, 30.3.2012, lch. 22)	
39	Rialachán (AE) 2021/1230 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Iúil 2021 maidir le híocaíochtaí trasteorann san Aontas (IO L 274, 30.7.2021, lgh. 20–31) Arna leasú le:	an 31 Nollaig 2025 ⁽¹²⁾
39-1	Rialachán (AE) 2024/886 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 260/2012 agus (AE) 2021/1230 agus Treoracha 98/26/CE agus (AE) 2015/2366 a mhéid a bhaineann le haistrithe creidmheasa meandracha in euro (IO L, 2024/886, 19.3.2024)	an 31 Nollaig 2026 ⁽¹²⁾
40	Treoir 2009/110/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le dul i mbun an ghnó a ghabhann le hinstiúidí airgid leictreonaigh agus leanúint den ghnó sin agus maoirseacht stuamachta a dhéanamh air, lena leasaítear Treoracha 2005/60/CE agus 2006/48/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2000/46/CE (IO L 267, 10.10.2009, lch. 7) Arna leasú le:	an 31 Márta 2016
40-1	Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoracha 2006/48/CE agus 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338).	an 30 Meán Fómhair 2017 ⁽³⁾
40-2	Treoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, lena leasaítear Treoir 2002/65/CE, Treoir 2009/110/CE agus Treoir 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/64/CE (IO L 337, 23.12.2015, lch. 35)	an 30 Meán Fómhair 2018 ⁽⁴⁾

	Forálacha Dlí atá le cur chun feidhme	An sprioc-am le haghaidh cur chun feidhme
41	Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12) Arna leasú le:	an 31 Márta 2016
41-1	Rialachán (AE) Uimh. 1022/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Baincéireachta Eorpach) a mhéid a bhaineann le cúraimí sonracha a chur ar an mBanc Ceannais Eorpach de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle (IO L 287, 29.10.2013, lch. 5)	
41-2	Treoir 2014/17/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Feabhra 2014 maidir le comhaontuithe creidmheasa do thomhaltóirí i dtaca le maoin chónaithe dhochorraithe agus lena leasaítear Treoracha 2008/48/CE agus 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (IO L 60, 28.2.2014, lch. 34)	
41-3	Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat um théarnamh agus réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 173, 12.6.2014, lch. 190)	an 31 Márta 2018 ^(?)
41-4	Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2014 lena mbunaítear rialacha aonfhoirmeacha agus nós imeachta aonfhoirmeach maidir le réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe faoi chuimsiú Sásra Réitigh Aonair agus Ciste Réitigh Aonair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (IO L 225, 30.7.2014, lch. 1)	
41-5	Treoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, lena leasaítear Treoracha 2002/65/CE, 2009/110/CE agus 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/64/CE (IO L 337, 23.12.2015, lch. 35)	an 30 Meán Fómhair 2018 ^(?)
41-6	Rialachán (AE) 2019/2033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir leis na ceanglais stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 575/2013, (AE) Uimh. 600/2014, agus (AE) Uimh. 806/2014 (IO L 314, 5.12.2019, lch. 1)	an 31 Nollaig 2023 ⁽⁸⁾
41-7	Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le margaí i gcripteashócmhainní, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/1937 (IO L 150, 9.6.2023, lgh. 40-205)	an 31 Nollaig 2027 ⁽¹²⁾
41-8	Rialachán (AE) 2024/1620 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2024 lena mbunaítear an tÚdarás um Fhrithsciúradh Airgid agus um Chomhrac Mhaoiniú na Sceimhlitheoireachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 1094/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 (IO L, 2024/1620, 19.6.2024)	an 31 Nollaig 2028 ⁽¹²⁾

	Forálacha Dlí atá le cur chun feidhme	An sprioc-am le haghaidh cur chun feidhme
42	Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84) Arna leasú le:	an 31 Márta 2016
42-1	Treoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2011 maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha agus lena leasaítear Treoracha 2003/41/CE agus 2009/65/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009 agus (AE) Uimh. 1095/2010 (IO L 174, 1.7.2011, lch. 1)	
42-2	Rialachán (AE) Uimh. 258/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 lena mbunaítear clár Aontais chun tacú le gníomhaíochtaí sonracha i réimse an tuairiscithe airgeadais agus na hiniúcháireachta don tréimhse 2014-20 agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE (IO L 105, 8.4.2014, lch. 1)	
42-3	Treoir 2014/51/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena leasaítear Treoracha 2003/71/CE, agus 2009/138/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009, (AE) 1094/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 i leith chumhachtaí an Údaráis Maoirseachta Eorpaigh (an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde) agus an Údaráis Maoirseachta Eorpaigh (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí) (IO L 153, 22.5.2014, lch. 1)	
42-4	Rialachán (AE) 2021/23 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le creat le haghaidh téarnamh agus réiteach contrapháirtithe lárnacha agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1095/2010, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 600/2014, (AE) Uimh. 806/2014 agus (AE) 2015/2365 agus Treoracha 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2007/36/CE, 2014/59/AE agus (AE) 2017/1132 (IO L 22, 22.1.2021, lch. 1)	31 Nollaig 2024 (cé is moite de: Airteagal 95 - an 31 Nollaig 2022, Airteagal 87(2) - an 31 Nollaig 2023, Airteagail 9(1), 9(2), 9(3), 9(4), 9(6), 9(7), 9(9), 9(10), 9(12), 9(13), 9(16), 9(17), 9(18), 9(19), 10(1), 10(2), 10(3), 10(8), 10(9), 10(10), 10(11), 10(12) agus 11 - an 31 Nollaig 2024, Airteagail 9(14) agus 20 - an 31 Nollaig 2025) ⁽⁹⁾
42-5	Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le margaí i gcripteashócmhainní, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/1937 (IO L 150, 9.6.2023, lgh. 40-205)	an 31 Nollaig 2027 ⁽¹²⁾
42-6	Rialachán (AE) 2024/1620 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2024 lena mbunaítear an tÚdarás um Fhrithsciúradh Airgid agus um Chomhrac Mhaoiniú na Sceimhlitheoireachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 1094/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 (IO L, 2024/1620, 19.6.2024)	an 31 Nollaig 2028 ⁽¹²⁾
42-7	Rialachán (AE) 2024/2987 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2024 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 575/2013 agus (AE) 2017/1131 a mhéid a bhaineann le bearta chun neamhchosaintí iomarcacha ar chontrapháirtithe lárnacha tríú tír a mhaolú agus chun éifeachtúlacht mhargaí imréitigh an Aontais a fheabhsú (IO L, 2024/2987, 4.12.2024)	an 31 Nollaig 2028 ⁽¹³⁾

	Forálacha Dlí atá le cur chun feidhme	An sprioc-am le haghaidh cur chun feidhme
43	Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála (IO L 201, 27.7.2012, lch. 1) agus na bearta gaolmhara eile leibhéal 2 de réir mar is iomchuí	an 30 Meán Fómhair 2019 ⁽¹⁾
	Arna leasú le:	
43-1	Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1)	
